Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0048(NLE)**

**6446/21**
**ADD 30**

**RECH 72**
**COMPET 123**
**IND 40**
**MI 105**
**SAN 82**
**TRANS 94**
**AVIATION 42**
**ENER 50**
**ENV 94**
**SOC 95**
**TELECOM 70**
**AGRI 79**
**SUSTDEV 22**
**REGIO 29**
**IA 22**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 38 final - Cuid 9/9 |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú An Chomhpháirtíocht Eorpach maidir le Hidrigin Ghlan |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 38 final - Cuid 9/9.

---

Faoi iamh: SWD(2021) 38 final - Cuid 9/9

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2021
SWD(2021) 38 final

PART 9/9

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú**

**An Chomhphháirtíocht Eorpach maidir le Hidrigin Ghlan**

{COM(2021) 87 final} - {SEC(2021) 100 final} - {SWD(2021) 37 final}

| |
|---|
| **Bileog Achoimre Feidhmiúcháin (2 leathanach ar a mhéad)** |
| Measúnú tionchair ar hidrigin ghlan |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| Cé gur breosla glan í hidrigin, nach ngineann astaíochtaí, tá sí fós níos costasaí ná foinsí eile fuinnimh, agus tagann sí ó ghás nádúrtha, den chuid is mó, agus gintear dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) uaidh sin. Is gá dúinn **'hidrigin ghlan'** a tháirgeadh ó acmhainní in-athnuaite fuinnimh a chuirfeadh deireadh le hastaíochtaí $CO_2$ ón bpróiseas. Tá feidhmeanna hidrigine glaine níos costasaí ná teicneolaíochtaí iomaíocha, agus níl siad iomlán iontaofa go fóill ná de cháilíocht leordhóthanach chun go n-úsáidfí iad. Tá teorainn freisin le cur in úsáid mórscála acmhainneachta giniúna hidrigine glaine. Is mó a dhéantar difear do pháirtithe leasmhara thionscal agus taighde hidrigine na hEorpa, chomh maith le páirtithe leasmhara thionscail na cumhachta, an iompair agus na foirgníochta. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Rannchuidiú ar dhóigh inchainníochtaithe le baint amach spriocanna aeráide 2030 agus leis an aeráidneodracht faoi 2050. Cumas eolaíochta an Aontais a neartú agus a chomhtháthú chun dlús a chur le forbairt agus feabhsú ardfheidhmeanna hidrigine glaine atá réidh don mhargadh, ar fud úsáidí deiridh fuinnimh, iompair, tógála agus tionscail. Iomaíochas shlabhra luacha hidrigine glaine an Aontais (FBManna go háirithe) a neartú. |
| **Cad é an breisluach atá le gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais (coimhdeacht)?** |
| Tá slabhraí luacha casta agus idirnasctha ag hidrigin ghlan a éilíonn comhar éifeachtach agus comhoibriú idirearnála ar leibhéal na hEorpa chun léiriú agus cur in úsáid rathúil mórscála a áirithiú. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Breithníodh na roghanna seo a leanas mar mhodhanna chun tacú le taighde agus nuálaíocht hidrigine:<br>• glaonna traidisiúnta Fís Eorpach;<br>• comhpháirtíocht Eorpach chomh-chláreagraithe; nó<br>• comhpháirtíocht institiúidithe faoi Airteagal 187 CFAE.<br>Is í an chomhpháirtíocht institiúidithe an rogha thosaíochta ós rud é gurb é sin is fearr maidir le straitéis agus gealltanas fadtéarmach ón tionscal, agus ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún Eorpach, a sholáthar. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara difriúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Mhol 80 % de na freagróirí ar an gcomhairliúchán oscailte poiblí go mbeadh éifeacht shuntasach (dhearfach) ag comhpháirtíocht institiúidithe Eorpach ar cheannaireacht thionsclaíoch i dteicneolaíochtaí hidrigine agus glacadh le teicneolaíochtaí nua a mhéadú, agus go mbeadh sé 'an-ábhartha' ina leith. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |

**Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?**

Is fearr a d'áiritheodh cur chun feidhme an tionscnaimh um hidrigin ghlan trí chomhpháirtíocht institiúidithe go mbeadh na hearnálacha príobháideacha agus poiblí rannpháirteach ina n-iomláine fós i gcur in úsáid agus cur chun feidhme **straitéis fhadtéarmach** le haghaidh taighde, forbairt agus nuálaíocht hidrigine glaine. Tá sé comhsheasmhach le hacmhainní airgeadais agus comhchineáil an tionscail a ghiaráil, chun tionchar chistiú an Choimisiúin a uasmhéadú. Thacódh sé le forbairt straitéise hidrigine atá ailínithe ina hiomláine le tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus gealltanas aeráide na hEorpa.

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Is iad na costais bhliantúla a bhaineann le comhpháirtíocht institiúidithe a reáchtáil bunaithe ar chostais 2018 chomhghnóthas FCH 2 atá ann cheana EUR 2.9 milliún (27 mball foirne) móide EUR 2.1 milliún i gcostais dhíreacha eile.  Don tréimhse 2014-2015 tá giaráil fhoriomlán EUR 1.63 ginte ag Comhghnóthas FCH 2, i.e. EUR 1.63 i dtacaíocht ón dtionscal le haghaidh gach EUR 1 i dtacaíocht ón gCoimisiún Eorpach.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Ar aon dul le glao chlár LEIT, is FBManna iad thart ar 25 % de na comhpháirtithe i dtionscadail Chomhghnóthas FCH 2 agus is FBManna iad leath de chomhaltaí Hidrigin na hEorpa.  Ligfeadh an chomhpháirtíocht do chuideachtaí beaga a bhfuil táirgí nideoige forbartha acu freastal ar mhargaí hidrigine atá ag fás agus nasc a dhéanamh le gníomhairí tionscail níos mó atá in ann tacú lena bhforbairt.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Níltear ag súil le haon tionchar ar leith ar bhuiséid náisiúnta ná údaráis riaracháin náisiúnta, cé go gcuideodh comhpháirtíocht institiúidithe le cláir náisiúnta um thaighde hidrigine a athnuachan agus a comhchuibhiú.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Is dóigh go gcruthóidh tionscadail bhreise taispeántais suim bhreise i hidrigin i measc an phobail. An tráth céanna, ba cheart go gcruthódh for- rochtain agus oideachas méadaithe don phobal ar hidrigin bonn tacaíochta poiblí d'fheidhmeanna hidrigine. Is fearr a bheifear in ann aghaidh a thabhairt ar chaighdeáin agus noirm ar an leibhéal idirnáisiúnta, áit ar cheart guth amháin a bheith ag an Aontas Eorpach.

**Comhréireacht?**

Ba cheart do chur chun feidhme comhpháirtíochta institiúidithe a áirithiú go mbeadh na hearnálacha príobháideacha agus poiblí rannpháirteach ina n-iomláine i gcur in úsáid agus cur chun feidhme **straitéis fhadtéarmach** le haghaidh taighde, forbairt agus nuálaíocht hidrigine glaine. Dhéanfadh sé acmhainní airgeadais agus comhchineáil an tionscail a ghiaráil, chun tionchar chistiú an Choimisiúin a uasmhéadú agus thacódh sé le forbairt straitéise hidrigine atá ailínithe ina hiomláine le tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.

**D. Iarobair**

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Ba cheart meastóireacht eatramhach a dhéanamh ar an gcomhpháirtíocht institiúidithe beartaithe 3 bliana i

ndiaidh thús a feidhme.